

Sconsa Scoil Shailearna

Máire Ní Fhlathartaigh

Is beag duine a théann siar bóthar Chois Fharraige ó dheireadh an tsamhraidh seo caite nach dtugann faoi deara an sconsa breá atá ag síneadh amach roimhe ar thaobh na láimhe deise ag ceann thiar chlós Scoil Náisiúnta Shailearna agus leath bealaigh ó thuaidh comhthreomhar leis an scoil. Tógadh an sconsa nuair a leagadh na crainnte idir ‘Tigh Kheane’ / ‘Tigh Mhiss Conneely’ agus an scoil. Tosaíodh ar an obair thart ar mhí an Mheithimh 2010 agus cuireadh an chloch dheiridh in áit thart ar dheireadh an tsamhraidh 2011.

Triúr saor cloiche a rinne an obair faoi Scéim Sóisialta Tuaithe, urraithe ag Údarás na Gaeltachta agus is gach re seachtain a bhídís ag obair. Is iad an triúr saor ná Mícheál Mheáirt Churraoin as Na hAille, Maidhc Chóil Sheáinín Ó Tuathail as Leithrinn, An Cnoc, agus Pádhraic Ó Neachtain as Na hAille. Bhíodar ag obair faoi threoir Phádhraic Uí Churraoin, saoise na scéime as An Lipe, An Spidéal. Triúr ceardaithe den scoth agus máistircheardaí dá dtreorú.

Thug Mícheál Mheáirt a spéis sna clocha leis óna athair Meáirt Churraoin, go mba file agus ceardaí focal é chomh maith le bheith ina cheardaí cloch. Óna sheanathair Seáinín Ó Tuathail, a thóg Maidhc a spéis sna clocha agus a leanann iad, agus bhí cleachtadh mhaith ag Pádhraic Ó Neachtain as Gleann Mhac Mhuirinn ar obair chloiche sular thosaigh sé ar thógáil an sconsa seo.

Baineadh na clocha i gcairéal Phádhraic Uí Chonghaile, i mBaile na Cille, Leitir Mealláin ach d’aithneofa orthu nach n-airíonn siad go bhfuil siad ar deoraíocht i gCois Fharraige! Dúirt Pádhraic liom gur cairéal cloch eibhir dhaite é an cairéal. Cloch nach bhfuil gáifeach

ná scréachta í ach a bhfuil teolaíocht agus daingneacht ag baint léi.

Gearradh trínse a bhí trí troithe doimhin i dtosach, agus ansin leagadh síos dúshraith cloch faoin sconsa. Balla fuar (*dry stone wall*) atá ann; thart ar 200 slat san iomlán is fad dó; thart ar 5’ ar airde atá sé sa gcuid is airde de agus thart ar 3’ ar airde sa gcuid de atá siar leis an mbóthar mór. Balla singil atá sa 50 slat is faide ó thuaidh den sconsa a bhfuil máithreacha móra clocha in íochtar agus clocha níos lú in uachtar ann.

Gearradh bóthar breá, comhthreomhar leis an sconsa, trí

Shliabhán Kheane, a fhágann go bhfuil ar chumas carranna tiomáint suas ar chúl na scoile anois. Laghdaíonn seo baol timpistí ar an mbóthar mór ar aghaidh na scoile. An toradh is fearr, b’fhéidir, a leanann tógáil an sconsa ná go bhfuil an bóthar mór agus timpeallacht na scoile níos sábháilte anois do scoláirí, don trácht agus don phobal fré chéile. Ní hé Balla Mór na Síne thall é ach sconsa daingean Shailearna, saothar chomh healaíonta, sílim, agus atá le feiceáil sna bólaí clochacha seo. Molann an saothar na ceardaithe. Nár laga Dia sibh!



Triúr fear ag tógáil sconsa

Mícheál Ó Curraoin, agus Pádhraic Ó Neachtain as Na hAille agus Mícheál Ó Tuathail as Leithrinn, An Cnoc.